

CHUIG: Gach Príomhoide

ÓN: Dr Abigail Collins, Dochtúir Comhairleach um Míochaine Sláinte Poiblí, Ceannasaí Scoileanna FSS
Dr Kevin Kelleher, Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta um Shláinte Phoiblí agus um Shláinte Leanáí

MAIDIR LE: Treoir don fhilleadh ar an scoil ó Shláinte Poiblí FSS

DÁTA: 30 Lúnasa 2021

Agus scoileanna á n-athoscailt do scoilbhliain 2021/2022, tá sé tábhachtach go ndíreimis arís eile ar na bearta a chuideoidh lenár bpobail scoile fanacht sábháilte le linn na bliana acadúla seo.

Tá paindéim Covid-19 i réim go fóill, mar sin féin tá fáil ar vaicsíniú go forleathan dóibh siúd a bhfuil sé dlíte dóibh agus tá sé le feiceáil againn go bhfuil leas á bhaint ag mórán daoine as ar fud na sochaí. Tá an ráta vaicsínithe in Éirinn ar cheann de na rátaí is airde ar domhan, agus cuidíonn sé sin le cosaint a thabhairt dóibh siúd is mó atá i mbaol agus laghdaíonn sé go suntasach an dochar a bhaineann le hionfhabhtú ó Covid-19 ina gcás siúd a bhfuil vacsaíniú iomlán faighte acu.

Mar sin féin, ní mór dúinn oibriú le chéile lena chinntiú go leanfaimid ar aghaidh leis na bearta go léir is fearr a choinneoidh Covid-19 amach as scoileanna agus go laghdóimid a oiread agus is féidir scaipeadh Covid-19 taobh istigh de scoileanna, agus inár bpobail i gcoitinne.

D'oibrigh na bearta um chosc agus rialú ionfhabhtuithe atá i bhfeidhm i scoileanna go han-éifeachtach chun Covid-19 a chosc agus a smachtú i scoileanna. Is mar thoradh ar na sáriarrachtaí a rinne pobail scoile chun na bearta sin a fheidhmiú agus cloí leo a tharla sé sin. Go raibh maith agat as do cheannaireacht agus as an iarracht atá déanta ag do chuid foirne go léir i dtaca leis an ábhar seo.

Bearta um chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe

1) Sula ndéantar freastal ar an scoil:

Comharthaí - Cinntigh, le do thoil, go bhfuil na baill foirne agus na teaghlaigh go léir ar an eolas maidir le gan freastal ar an scoil má tá comharthaí ar bith d'ionfhabhtú Covid-19 á léiriú acu. Tá próifíl de na comharthaí ar fáil [anseo](#) agus molaimid do thuismitheoirí cur chuige réamhchúramach a ghlacadh, go háirithe i gcás leanáí nach bhfuil ábalta a gcuid comharthaí a chur in iúl go soiléir, agus más cosúil nach bhfuil siad ar fónamh, súil a choinneáil orthu sa bhaile agus teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir teaghlaigh más cuí. Ón taithí atá againn, is eol dúinn i gcás go raibh comharthaí á léiriú ag daoine in áiseanna oideachais, gurbh ansin a d'aithníomar breis dlúth-theagmhálaithe le Covid-19.

Dlúth-theagmhálaithe - Cuir i gcuimhne don fhoireann go léir agus do na leanáí, le do thoil, gur gá dóibh a gcuid gluaiseachtaí a theorannú sa bhaile más rud é gur chuir seirbhísí FSS in iúl dóibh go raibh siad i ndlúth-theagmháil le bás de Covid-19 agus go gcuirfear tástáil ar fáil dóibh a luaithe agus is féidir i ndiaidh iad a shainaithint agus ansin ar an deichiú lá. Nuair a bheidh siad aisiomptómach agus nuair a bheidh a dtoradh tástála ina léirítear 'níor aimsíodh é' ón tástáil ar an deichiú lá faighte acu, is féidir leo stopadh ag teorannú a gcuid gluaiseachtaí agus fillleadh ar an scoil. Mar sin féin, má tá vacsaíniú iomlán faighte acu, rachaidh FSS i dteagmháil leo, déanfar a stádas vacsaínithe a chinneadh agus cuirfear in iúl

dóibh nach gá dóibh a gcuid gluaiseachtaí a theorannú a thuilleadh agus ní atreorófar i gcomhair tástála iad. Sa chás sin, tá dlúth-theagmhálaithe (baill foirne nó scoláirí) ábalta freastal ar an scoil. Tá sé tábhachtach go mbeadh daoine a bhí mar dhlúth-theagmhálaithe an-eolach ar a gcuid comharthaí, agus go ndéanfaidís féin-aonrú agus go rachaidís i gcomhair tástála má bhíonn aon chomharthaí orthu. Má bhíonn tástáil dearfach ag duine maidir le Covid-19, ansin déantar an duine a bhainistiú mar chás Covid-19. Tabhair do d'aire, i gcás gur sainathnódh dlúth-theagmhálaí dearfach, nach gá go ndéanfaí siblíní na ndlúth-theagmhálaithe sin a choinneáil amach de réir gnáis agus dá bhrí sin is féidir le siblíní freastal ar an scoil go fóill, murar chinn FSS gur dlúth-theagmhálaithe iad.

Teachtaireachtaí ginearálta maidir le sláinte poiblí a threisiú - Cinntigh, le do thoil, go meabhraítear do gach ball foirne agus do na leanaí an tábhacht a bhaineann le cloí i gcónaí leis na bearta sláinte poiblí náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, e.g. scaradh sóisialta, úsáid a bhaint as maisc aghaidhe agus sláinteachas lámh, agus íoslaghú a dhéanamh ar theagmhálaithe sóisialta.

2) Taobh istigh de do scoil -

Bearta maolaithe – cuireadh réimse de bhearta rialaithe i bhfeidhm chun an baol a bhaineann le scaipeadh Covid-19 a laghdú agus chun sábháilteacht, sláinte agus leas foirne, scoláirí, tuismitheoirí agus cuairteoirí a chosaint a oiread agus is féidir taobh istigh den scoil. Is é an bealach is fearr chun scaipeadh Covid-19 a chosc ná scaradh fisiciúil a chleachtadh agus sláinteachas ceart lámh a fheidhmiú; i gcás scoláirí iarbhunscoile agus i gcás foirne i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna masc a chaitheamh agus saoráidí agus seomraí ranga a aerú. Táthar ag súil go bhfuil na bearta maolaithe mar atá molta ag Sláinte Poiblí i bhfeidhm taobh istigh de do scoil. Leanfar de bheith ag athbhreithniú agus ag uasdátú na mbearta rialaithe de réir mar is gá ar bhonn leanúnach.

Sa bhreis air sin:

Sa bhunscoil:

Coinnigh na faighneoga beag agus déan iarracht an idirghníomhaíocht idir faighneoga sa seomra ranga a theorannú a oiread agus is féidir. Chun é sin a éascú, iarraimid go mbeadh dlúthchairde san fhaighneog chéanna, chun íoslaghú a dhéanamh ar dhlúth-theagmhálaithe agus ar scaipeadh ionfhabhtuithe chuig daoine eile. Bíodh a fhios agat freisin, le do thoil, cé hiad na leanaí atá i ngach faighneog, mar go mbeidh sé sin fíorthábhachtach maidir le rianú teagmhálaithe taobh istigh den rang.

Tá cead ag an rang-ghrúpa súgradh le chéile taobh amuigh. Déan iarracht gan rang-ghrúpaí a mheascadh taobh amuigh.

Cinntigh go bhfuil maisc aghaidhe á gcaitheamh ag an bhfoireann taobh istigh agus taobh amuigh nuair nach bhfuiltear ag cloí le scaradh fisiciúil.

San iar-bhunscoil:

Cuir na socrúithe maidir le scaradh fisiciúil i bhfeidhm sa seomra ranga, le do thoil. Iarraimid freisin go suifeadh dlúthchairde gar dá chéile, nuair is féidir, arís eile chun dlúth-theagmháil agus scaipeadh ionfhabhtuithe chuig daoine eile a íoslaghú.

Cinntigh go bhfuil maisc aghaidhe á gcaitheamh ag an bhfoireann agus ag na scoláirí taobh istigh agus taobh amuigh nuair nach bhfuiltear ag cloí le scaradh fisiciúil.

3) Cad atá le déanamh nuair a thagann cás de Covid-19 chun cinn agus é ceangailte leis an scoil:

Is féidir a bheith cinnte go dtiocfaidh cásanna de Covid-19 chun cinn i scoileanna nuair a dhéanfar iad a athoscailt amhail mar atá siad ag teacht chun cinn sa phobal faoi láthair. Glacfar leis go bhfuil na bearta thuas um chosc agus rialú ionfhabhtuithe á bhfeidhmiú ag scoileanna.

Tá roinnt príomhtheachtaireachtaí nach mór duit smaoineamh orthu nuair a thagann cásanna chun cinn:

Ní gá a bheith scanraithe – ní gá ranganna a chur abhaile ná a rá leo gan teacht ar scoil.

Ní mór cuimhneamh nach bhfuil an cás deimhnithe taobh istigh den scoil a thuilleadh agus dá bhrí sin go bhfuil an baol go scaipfeadh infhabhtú ón duine sin chuig daoine eile tógtha amach as suíomh na scoile.

Más rud é nach raibh an cás i suíomh na scoile le linn dó a bheith tógálach, ní gá don scoil aon bheart a dhéanamh mar nach bhfuil aon bhaol suntasach ann gur scaip an cás an t-ionfhabhtú i suíomh na scoile. Ar aon dul leis an mbliain seo caite, **ní ghlaofaídh Sláinte Poiblí ar an scoil i gcásanna den chineál sin.**

Is í an ‘tréimhse thógálach’ an tréimhse inar féidir le duine a bhfuil galar tógálach air nó uirthi é a scaipeadh chuig daoine eile – cuimsíonn an ‘tréimhse thógálach’ do Covid-19 an 24 uair an chloig roimh an tástáil do chásanna aisiomptómacha, nó an 48 uair an chloig sula léirítear na comharthaí i dtaca le cásanna siomptómacha.

Má bhí an cás de Covid-19 sa scoil le linn na tréimhse tógálaí, déanfaidh FSS aon dlúth-theagmhálaithe a shainaithint agus rachfar i dteagmháil le scoileanna. I gcás iar-bhunscoileanna tabharfar fógra don Phríomhoide ar ríomhphost agus le glaoch leantach i dtús báire; i gcás bunscoileanna agus SEN gheobhaidh siad glaoch fóin i dtús báire.

Líne Covid-19 beo FSS do Phríomhoidí

I gcás fiosruithe ar leith a bhaineann le cásanna deimhnithe de Covid-19 taobh istigh de do shuíomh, lean ort ag úsáid ‘**Líne Covid-19 beo FSS do Phríomhoidí**’ ar **(01) 240 8785**. Beidh an líne fóin ag feidhmiú seacht lá na seachtaine ó 8am go dtí 4.30pm ó Luan go hAoine agus ó 10am go dtí 4.30pm ar an Satharn agus ar an Domhnach. Glacfaidh an t-oibritheoir na mionsonraí bunúsacha agus cuirfear iad sin ar fáil go díreach don fhoireann Scoileanna ábhartha sa roinn Sláinte Poiblí.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachais i dtaca le fiosruithe a bhaineann le Covid-19 ar ríomhphost chuig Covid19_alert@education.gov.ie nó ar 057 9324461.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag:

<https://www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/guidance/educationguidance/>

<https://www2.hse.ie/conditions/covid19/>

Chun treoir a fháil a bhaineann go sonrach leis an oideachas, féach:

<https://www.gov.ie/en/campaigns/a128d-back-to-school/>

Treoir ábhartha eile:

Amhránaíocht/Cór/Casadh Ceoil

D'fhéadfadh sé go mbeadh baol níos mó ag baint le cleachtaí/léirithe cóir agus cleachtaí/léirithe ceoil ina n-úsáidtear gaothuirilísí agus ba cheart breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar iad a réachtáil agus a chinntiú go bhfuil an seomra aeraithe go maith agus go bhfuil an spás idir na taibheoirí á choinneáil.

Gníomhaíochtaí Spóirt

Ba cheart do scoileanna tagairt do threoir an Lárionaid Faire um Chosaint Sláinte (HPSC) maidir le Filleadh ar an Spórt. Tá an nasc chuig na prótacail a bhaineann le fillleadh ar an spórt ar fáil anseo. <https://www.gov.ie/en/publication/07253-return-to-sport-protocols/>

Taisteal:

Is féidir na socruithe reatha maidir le taisteal thar lear a fháil ag <https://www.gov.ie/en/publication/77952-government-advice-on-international-travel/>

Conclúid

Míle buíochas as do chomhoibriú. Táim cinnte go mbeidh an fillleadh ar an scoil gnóthach, mar a bhíonn go hiondúil daoibh féin, agus is am an-ghnóthach é freisin don tSláinte Phoiblí, agus mar sin is mór againn do chuid foighne agus do chuid cúirtéise leis na foirne a dhéanann teagmháil leat.

Déantar na sonraí go léir a bhaineann le tástáil dlúth-theagmhálaithe taobh istigh d'áiseanna oideachais, agus líon iomlán na leanaí a raibh tástáil dhearfach acu i leith Covid-19 a chur i láthair sna tuairiscí seachtainiúla ar shonraí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin FSS thíos.

<https://www.hse.ie/eng/services/news/newsfeatures/covid19-updates/covid-19-schools-mass-testing-report.html>

Tá sé tábhachtach a lua gur lean mórán áiseanna cúram leanaí ar aghaidh ag feidhmiú le linn an tsamhraidh agus chomh maith leis sin go raibh soláthar samhraidh á fheidhmiú ag roinnt scoileanna. Is ábhar mór dóchais iad na sonraí ón tréimhse sin agus léirítear go seasmhach iontu go bhfuil leibhéal ísle de scaipeadh chuig daoine eile in áiseanna cúram leanaí agus i scoileanna, nuair a chuirtear bearta maolaithe i bhfeidhm agus nuair a choinnítear amach baill shiomptómacha. Léiríonn sé sin chomh héifeachtach agus atá na bearta um chosc agus rialú ionfhabhtuithe agus go bhfuiltear ag cloí leo.